OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Cód: QA005
Teideal: **Ról na Scrúdaitheoirí Seachtracha – Cláir Mhúinte**
Dáta: 08/12/2021
Faomhadh: An Chomhairle Acadúil AC 21 A5

**1.0 Cuspóir**

Cáilíocht a chinntiú agus caighdeáin acadúla na modúl, na gclár agus na ndámhachtainí a fheabhsú trí athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta go bliantúil. *Ní bhaineann an polasaí seo le Scrúdaitheoirí Seachtracha do chéimeanna Taighde.*

**2.0 Cur síos**

Tá ról ríthábhachtach ag scrúdaitheoirí seachtracha maidir le caighdeáin acadúla modúl, clár agus dámhachtainí a chinntiú agus a fheabhsú. Cé gur ag plé le hathbhreithniú ar ghráid agus ar chaighdeáin mheasúnaithe is mó a bhíonn siad, bíonn feidhm thábhachtach chomhairleoireachta acu chomh maith a chabhraíonn le modúil agus le cúrsaí a fhorbairt agus a chuireann leis na cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe.

Is fearr a oibríonn athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta leis na caighdeáin acadúla a dhearbhú agus a fheabhsú. Ba cheart scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh ó Ollscoileanna agus ó Institiúidí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Is féidir le Scrúdaitheoirí Seachtrach a gcuid oibre a dhéanamh go cianda nuair a mheasann an scrúdaitheoir seachtrach agus bord an chláir é sin a bheith cuí, ach ní mór don scrúdaitheoir seachtrach teacht chuig an gcampas faoi dhó, ar a laghad, le linn a t(h)éarma ceapacháin ceithre bliana.

**2.1** Feidhmeanna an Scrúdaitheora Sheachtraigh

- Caighdeáin acadúla agus cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a chinntiú
- A dhearbhú go dtagann na caighdeáin leis na caighdeáin in ollscoileanna go hidirnáisiúnta
- Cothroime, bailíocht agus déine an mheasúnaithe san Ollscoil a chinntiú
- Grádú a athbhreithniú, a mhaolú, agus nuair is cuí, grádú a athrú
- Iniúchadh a dhéanamh ar ghráid, ar dháileadh agus ar shamplaí de mheasúnuithe grádaithe
- A bheith rannpháirteach i measúnuithe praiticiúla, cliniciúla nó cainte mar chuid de mhórthionscadail, miontráchtais nó tráchtais
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama agus ar theicnící measúnaithe do mhodúil agus do chláir
- Aiseolas a thabhairt ar láidreachtaí a tugadh faoi deara agus moltaí a thabhairt maidir le hathruithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phróisis aiseolais na mac léinn do mhodúil agus do chláir agus ar na gníomhartha a dhéantar mar gheall orthu
- Páirt a ghlacadh sa phróiseas scrúdaithe Réamhbhoird

**2.2** Tuairiscí agus Pleananna Gníomhúcháin

Tá dualgas ar an Scrúdaitheoir Seachtrach Tuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh a chur ar fáil maidir lena c(h)uid torthaí le linn phróiseas an scrúdaithe. Níor cheart aon tagairtí a dhéanamh sa tuairisc sin do riachtanais acmhainní. Tá Tuairiscí an Scrúdaitheora Sheachtraigh faoi rún, agus ní mór iad a chur go díreach

chuig an Oifig Feabhais, Ollscoil na Gaillimhe seachas chuig aon oifig eile go hinmheánach laistigh den Ollscoil nó go seachtrach. Ní mór na tuairiscí a chur isteach i bhformáid Word laistigh de chúig lá oibre ón uair a thugann na Scrúdaitheoirí Seachtracha cuairt ar Ollscoil na Gaillimhe. Scaipfear tuairiscí ar pháirtithe leasmhara ábhartha, e.g. Cinn Scoile, Déin agus an Meabhránaí. Tá na Cinn Scoile freagrach as tuairiscí a scaipeadh chuig na ceannairí ábhair/disciplín nó Cláir ábhartha.

Ní mór don Cheannaire Ábhair Plean Gníomhaíochta a ullmhú ansin a fhreagraíonn do mholtaí réasúnacha i dTuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus ní mór cóip den phlean sin a chur ar aghaidh chuig an Scrúdaitheoir Seachtrach agus chuig an gCeann Scoile.

Pléitear pleananna gníomhaíochta ag cruinnithe Bhord an Chláir nó a gcomhionann agus caithfidh an Ceann Scoile a bheith páirteach sa phlé. Ní mór pleananna gníomhaíochta a chur san áireamh sa phlean oibríochta don bhliain atá le teacht.

Déanann an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí athbhreithniú ar gach tuairisc ó Scrúdaitheoirí Seachtracha agus féadfar aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn arís is arís eile/teoirimí coitianta a thagann chun cinn trí athbhreithniú feabhais téamach.

**2.3** Athbhreithnithe ar Chláir

Tá gach clár san Ollscoil faoi réir athbhreithniú feabhais mionsonraithe (gach cúig go seacht mbliana de ghnáth). Is féidir cuireadh a thabhairt do scrúdaitheoirí seachtracha reatha an t-athbhreithniú feabhais seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ar leith nach mbaineann leis an ngnáthphróiseas scrúdaithe sheachtraigh. Tá polasaí athbhreithnithe cláir clúdaithe faoi pholasaí: 'QA006 Athbhreithnithe ar Chláir Mhúinte'.

**3.0 Freagrachtaí**

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| An Meabhránaí agus an tUachtarán Ionaid<br>An tUachtarán | Úinéir<br>Tuairiscí Scrúdaitheoirí Seachtracha a athbhreithniú |
| Ceannaire Ábhair:<br>(nó Ceann Disciplín, Riarthóir Cláir, Ollamh, etc.) | Scrúdaitheoir Seachtrach a earcú agus próiseas an Scrúdaithe Sheachtraigh a chomhordú.<br>Dul i gcomhairle leis an gCeann Scoile agus Déan an Choláiste maidir le scrúdaitheoirí seachtracha a ainmniú.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt. |
| An Ceann Scoile: | Athbhreithniú a dhéanamh ar ainmniúcháin Scrúdaitheoirí Seachtracha le Ceannaire an Ábhair agus an Déan.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus ar Phleananna Gníomhaíochta. |
| Déan an Choláiste: | Scrúdaitheoirí Seachtracha a Fhaomhadh/a Ainmniú:<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairiscí Scrúdaitheoirí Seachtracha agus ar Phleananna Gníomhaíochta. |
| An Coiste Seasta: | Ainmniúcháin Scrúdaitheoirí Seachtracha a Fhaomhadh/a Dhiúltú. |
| Oifig na Scrúduithe: | Comhfhreagras le Scrúdaitheoirí Seachtracha, cáipéisíocht tosaigh a chur ar fáil. Bunachar sonraí inmheánach de Scrúdaitheoirí Seachtracha a choinneáil.<br>Costais a phróiseáil. |
| An Oifig Feabhais: | Glacadh le Tuairiscí na Scrúdaitheoirí Seachtracha, iad a chomhdú agus a dháileadh. |

**4.0 Cáipéisí Gaolmhara**

- Teimpléad do Thuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh (faoi iamh)
- ***QA278*** Ainmniú agus Faomhadh Scrúdaitheoirí Seachtracha – Cláir Mhúinte
- ***QA226*** Costais Scrúdaitheoirí Seachtracha a Íoc
- Léaráid maidir le Sreabhadh Oibre/Próiseas san áireamh mar *Aguisín A* in QA278

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Tuairisc an Scrúdaitheora Sheachtraigh

[Scrios an téacs atá idir lúibíní cearnacha sa tuairisc dheiridh]

| | |
|---|---|
| **Scrúdaitheoir Seachtrach:** | [Teideal Céadainm Sloinne] |
| **Ábhar:** | [Úsáid 'teideal an Ábhair' go díreach mar a bhí sé luaite ar chomhfhreagras roimhe seo] |
| **Scoil:** | |
| **Bliain Acadúil:** | [bbbb/bbbb] |
| **Cruinniú/cruinnithe leis an Scrúdaitheoir Seachtrach ar freastalaíodh air/orthu:** | [ll/mm/bbbb] |
| **Dáta na Tuairisce:** | [ll/mm/bbbb] |

*[Cuirimid fáilte mhór roimh do chuid tuairimí. Inis dúinn aon láidreachtaí nó dea-chleachtas a chonaic tú agus aon mholtaí a bheadh agat ar an gcaoi a bhféadfaí próisis a fheabhsú. Cuirfear do chuid tuairimí agus moltaí in iúl don Cheannaire cuí Ábhair tríd an gCeann Scoile agus Déan cuí. Iarrtar ansin ar riarthóirí clár Plean Gníomhaíochta a ullmhú agus dul i gcomhairle leat sula gcuireann tú do chéad Tuairisc eile ar fáil mar Scrúdaitheoir Seachtrach.]*

## Láidreachtaí

*[Liostaigh na príomhláidreachtaí nó dea-chleachtas a chonaic tú, mar théacs cruinn i bhfoirm urchair. Níl aon ghá plé, réasúnaíocht ná cáilíocht a lua sa tuairisc seo ach is féidir iad a lua leis an gceannaire ábhair ó bhéal más gá.]*

- …

## Moltaí

*[Liostaigh príomh-mholtaí le haghaidh athruithe, mar théacs cruinn uimhrithe. Níl aon ghá plé, réasúnaíocht ná cáilíocht a lua. Féadfaidh an ceannaire ábhair dul i dteagmháil leat má theastaíonn soiléiriú.]*

1. …

Ar lean thall...

**Critéir**

*[Léirigh a mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na critéir seo a leanas ar scála ó 1 go 5. Is ionann 5 agus aontú go hiomlán agus 1 easaontú go hiomlán. Ní gá go mbeadh gach critéar oiriúnach, mar sin fág amach iad mura bhfuil. Má roghnaíonn tú 1 nó 2, tabhair moltaí (ar an leathanach roimhe seo) nó pléigh an scéal leis an gCeannaire Ábhair.]*

| **Modúil** | **(1 go 5)** |
|---|---|
| Bhí sainmhíniú oiriúnach tugtha ar na torthaí foghlama agus ar ábhar na modúl | |
| Bhí na teicnící teagaisc a úsáideadh i ngach modúl oiriúnach | |
| Bhí grádú na modúl cóir agus cothrom agus bhí an dáileadh oiriúnach | |
| Bhí nótaí mínithe ar scripteanna scrúdaithe agus ar obair chúrsa oiriúnach | |
| Bhí na háiseanna saotharlainne agus an t-ábhar a cuireadh ar fáil don mheasúnú praiticiúil agus/nó cliniciúil oiriúnach | |
| Bailíodh aiseolas ó na mic léinn do na modúil agus rinneadh é seo ar bhealach oiriúnach | |
| **Clá(i)r** | |
| Bhí sainmhíniú oiriúnach tugtha ar na torthaí foghlama agus ar ábhar an chláir/na gclár | |
| Bhí dáileadh na ngrád sna modúil chuí a scrúdaíodh sa chlár/sna cláir oiriúnach | |
| Ní haon údar imní líon na n-iarrthóirí a Theip nó a bhí As Láthair | |
| Bhí caighdeán na mac léinn ar aon dul le caighdeáin in ollscoileanna eile | |
| Bailíodh aiseolas ó na mic léinn don chlár/do na cláir agus rinneadh é seo ar bhealach oiriúnach | |
| Tá an clár á bhainistiú ag Bord gníomhach Cláir | |
| **Tráchtas/ Tionscadail** | |
| Cuireadh treoirlínte tráchtais agus stiúradh cuí ar fáil do gach mac léinn | |
| Bhí caighdeán na n-iarrachtaí agus na dtuairiscí tráchtais ag teacht le caighdeáin in ollscoileanna eile | |
| **Ilghnéitheach** | |
| Tugadh rochtain chuí ar gach cáipéisíocht agus páipéarachas | |
| Bhí an cúram fáilteachais, na seomraí cruinnithe agus próiseas an scrúdaithe sheachtraigh oiriúnach | |

**Tuairimí Breise**

…

[Seol an tuairisc seo ar ríomhphost chuig qualityoffice@nuigalway.ie taobh istigh de chúig lá oibre i ndiaidh chuairt an Scrúdaitheora Sheachtraigh ar Ollscoil na Gaillimhe. Ná déan dearmad d'éileamh ar chostais a líonadh agus a sheoladh chuig Oifig na Scrúduithe, Ollscoil na Gaillimhe. Ní fhéadfar costais a íoc go mbeidh do thuairisc faighte.

Go raibh maith agat as do chuid oibre do Ollscoil na Gaillimhe.]